

# GLEN DON GHAEILGE

## FORÓGRA

# CLÁR



3 **Mo Thaithí**

3 Cé hé mise?

4 Cad a bhí ar siúil agam go dtí seo

5 **Stocaireacht agus Gníomhaíochas**

5 Deontas SFG a Ardú

5 Deontas Mac Léinn Tríú Leibhéal

5 Toilleadh Chúrsaí Samhraidh

6 Scéim Tithíocht

6 Údaras na Gaeltachta

7 **Tacaíocht agus Láithreacht AMLÉ**

7 Scéim Gaeilge ar na Meáin Sóisialta

7 An Ghaeilge a Chur Chun Cinn ar Champais

8 Forálacha an Acht Gaeilge

8 Bonn na Gaeilge

8 Láithreacht AMLÉ

9 **Comhphobal agus Rochtain**

9 Comhphobal, Saoránacht, agus Feachtais

9 Oideachas, Rochtain, agus Cuimsíocht

Tá alt **RF;LR** ag deireadh gach leathanach!

# MO THAITHÍ





Ar an gcéad dul síos, grma as am glacadh chun m'fhorógra a léamh! Is mise Glen agus tá súil agam go mbeadh mé mar do chéad Leas Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ eile. Is mór an paisean atá agam don Ghaeilge mar bhí mé tumtha sa teanga agus mé sa scoil. Inniu, tá mo phaisin bunaithe ar réitigh pholasaí agus gníomhaíocht, chun rochtain agus cuimsiú na Gaeilge a chur chun cinn!









**RF;NL:** Glen is ainm dom agus táim in iomaíocht chun a bheith an chéad Leas Uachtarán don Ghaeilge eile ag AMLÉ!

**Ionadaí Dámh DES, AMLOCBÁC** *2021-2023*
**Ionadaí Ranga, AMLOCBÁC** *2021-2023*
**Gnáthbhall, Cumann Gaelach OCBÁC** *2021-2023*

I rólanna éagsula tá dul chun cinn mór déanta agam maidir le forbairt na Gaeilge in OCBÁC agus AMLOCBÁC araon, agus ba í mar phríómhchoid de m'fhorógraí toghcháin agus mé mar iarrthóir.

Thug mé isteach tairiscint i 2023 a bhunaigh grúpa oibre An Ghaeilge agus Cultúir, a bhfuil aidhm aige tacaíocht a thabhairt agus dearcthaí a sholáthair d'oifigigh shabóideacha in imeachtaí agus feactais a bhaineann leis an nGaeilge. Bhí sé seo in éineacht le hathlainseáil Chumann Gaelach OCBÁC, a raibh ról agamsa ann freisin. D'oibrigh mé leis an gcoiste nua agus rinne mé cinnte go mbeadh tionchar acu laistigh den AML tríd an ngrúpa oibre nua. Chomh maith le sin, d'oibrigh mé leis an mbaill foirne i Scoil Fiontar/Gaeilge chun athbreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar mholtaí san MA Léann na Gaeilge nua in OCBÁC




**RF;NL:** Bhunaigh mé grúpa oibre An Ghaeilge agus Cultúir, bhí mé páirteach san MA Léann na Gaeilge nua in OCBÁC agus athlainséail ár gCumann Gaeleach.

### Deontas SFG a Ardú

Sa lá atá inniu ann, ní mór don rialtas tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh óstach sa Ghaeltacht atá mar chuid ríthabhachtach dár gcóras oideachais. Ní leor an deontas inniu chun teaghlaigh a tacú, agus is léir seo ón titim ollmhór i líon na teaghlaigh óstach (laghdú os cionn 30%). Mar sin, caithfidh AMLÉ stocaireacht a dhéanamh leis an Aire maidir le méadú breise ar an deontas laethúil to theaghlaigh Ghaeltachta atá ag streachailt le lóistín a chur ar fáil do mhic léinn




### Deontas Mac Léinn Tríú Leibhéal

Níl an deis ag mac léinn leas a bhaint as na deontais ERASMUS Gaeltachta atá faoi láthair ach amháin má tá siad ag déanamh staidéar ar chúrsa cáilithe. Is scéim iontach í Erasmus Gaeltachta ach ní thugann sé an deis céanna do mhic léinn a bhfuil stáidéar á dhéanamh acu ar chúrsaí eile. Ní mór dúinn stocaireacht a dhéanamh ar an Aire chun deontas (cosúil le DEIS Gaeltachta) a chur i bhfeidhm do mic léinn tríú leibhéal.

### Toilleadh Chursaí Samhraidh

Tá laghdú 12% feicthe againn in institiúidí trí leibhéal a chuireann cúrsaí samhraidh Gaeilge ar fáil ó 2019. Is fadhb eile é seo le rochtain mar diúltaíonn sé an Ghaeilge do mhic léinn. Ba cheart go mbeadh an fadhb seo ag tús áite AMLÉ maidir leis an nGaeilge i gcruinnithe leis an Aire agus institiúidí tríú leibhéal

**RF;NL:** deontas do mic léinn trí leibhéal nach bhfuil Gaeilge á stáidéar acu, toilleadh chursaí samhraidh a ardú, an deontas SFG a ardú.

### Scéim Tithíocht

Níl mór an brú a bhfuil ar theaghlaigh óstach san Gaeltacht ach níos mó cúise chun scéimeanna tithíochta Ghaeilge ag institiúidí tríú leibhéal do mhic léinn atá ag iarraidh tumoideachas iomlán ina gcuid staidéir, agus ní mór ról a bheith ag an LU Gaeilge chun cinntiú go mbeadh institiúidí tríú leibéal ag soláthrú seo.




### Údaras na Gaeltachta

Tá titim 30-35% i luach ciste caipitil Údaras na Gaeltachta feicthe againn le trí bhliain anuas. Mar gheall ar a gcuid oibre riachtanach chun tacú le gairmeacha chéimithe sa Ghaeilge agus san Gaeltacht, ní mór dúinn stocaireadh a dhéanamh ar Aire na Gaeltachta chun árdú maoiniú a chur ar fáil chun an raon cáilíochtaí Gaeilge atá in institiúidí tríú leibhéal in Éirinn faoi láthair a chosaint.

**RF;NL:** Scéim tithíocht in institiúidí tríú leibéal, ardú i gciste caipitil ÚnG chun gairmeacha Gaeilge a tacú.

## Scéim Gaeilge ar na Meáin AMLÉ

Táim ag iarraidh scéim AMLÉ a fhorbairt, cosúil leis An Foclóir Aiteach, a thacódh le balleagraíochtaí nach bhfuil na hacmhainní acu a scéim meán sóisialta féin a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an scéim seo an Ghaeilge a léiriú i mbealach níos infheicthe do mhic léinn tríd a n-AML áitiúla. Chuimseodh sé seo na foinsí inspioráide agus treorach is fearr, chomh maith le roinnt aistriúcháin comónta.




## An Ghaeilge a Chur Chun Cinn ar Champais

Ba mhaith liom cinntiú go bhfuil spiorad na Gaeilge beo beathach i ngach institiúid tríú leibhéal. Is féidir fiú céimeanna beaga a ghlacadh, ar nós suaitheantais 'Tá Gaeilge Agam' a tabhairt isteach do balleagraíochtaí a dáileadh amach. D'éirigh go maith le feachtas cosúla a bhí curtha i bhfeidm agus roinnt miondíoltóirí eagsúla, inar raibh suathaintais den chinéal céanna curtha amach go dtí baill foirne, ionas go mbeadh a fhios ag an bpobal gur féidir leo a gcúpla focal a úsaid sa siopa!

**RF;NL:** Scéim Gaeilge ar na meáin sóisialta AMLÉ, an Ghaeilge a chur chun cinn, suaitheantais 'Tá Gaeilge Agam'.

**Forálacha an Acht Gaeilge**

Ag an gcéim thar a bheith tábhacthach seo de chur i bhfeidhm Acht na Gaeilge i dTuaisceart na hÉireann, tá sé ríthábhachtach go n-oibreoidh AMLÉ le AMLN-AMLÉ chun cinnte a dhéanamh go bhfuil ionadaíocht ag balleagraíochtaí agus fórálacha á gcur isteach.

**Bonn na Gaeilge**

Ba mhaith liom Bonn na Gaeilge a thabhairt ar ais! Spreagadh iontach a bhí sa scéim chun balleagraíochtaí a fháil chun a gcuid polasaithe Gaeilge a fheabhsú agus beidh sé iontach é a fheiceáil ar ais ag obair.




**Láithreacht AMLÉ**

Ba mhaith liom go mbeadh an deis ag gach balleagraíocht úsáid a bhaint as acmhainní Gaeilge AMLÉ. Cuimsíonn sé seo ag bualadh le foirne chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid polasaithe a bhaineann leis an nGaeilge agus ag cinntiú go bhfuil AMLÉ i láthair agus réidh le tacaíocht a chur nuair is gá i rith na bliana.

**RF;NL:** Fórálacha an Acht Gaeilge, Bonn na Gaeilge, athbhreathnú ar polasaithe Gaeilge, tacaíocht AMLÉ d'oifigigh.

### Comhphobal, Saoránacht, agus Feachtais

Tá sé an-tábhachtach comhphobal Gaeilge rathúil a chur chun cinn laistigh de bhalleagraíochtaí araon, agus chomh maith is príomhthosaíocht é domsa dearcthaí éagsúla ar fadhbanna timpeall na tíre mar a chloisteáil agus mé ag obair le hoifigigh AMLÉ eile, mar shampla Leas Uachtarán do na Feachtais, nuair atá gluaiseacht mac léinn á n-eagrú againn. Táim ag iarraidh a beith mar Leas Uachtarán a bhfuil fócas agam ar an ngnáthbhall agus ag spreag díograis i bhfeachtais Gaeilge.

### Oideachas, Rochtain, agus Cuimsíocht

Ba mhaith liom leanúint ar aghaidh le prionsabail na rochtana ar oideachas a chur chun cinn, ag cuimsiú go gcuifrí ranganna Gaeilge ar fáil saor in aisce dóibh siúid atá ag iarraidh a gcúpla focal a fhoghlaim nó a fheabhsú. Níor cheart go mbeadh aon bhac ar mic léinn atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i ngluaiseacht na Gaeilge.






**RF;NL:** Ranganna Gaeilge saor in aisce, feachtais Gaeilge, gníomhaíocht an gnáthbhaill.